Lucsamburg, 6 Bealtaine 2022

TAGAIRT:	**CDT-ACIII-2022-01** **Cúntóir na Deisce Freastail**
GRÁD:	**FG III**
ROINN:	**An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise**
ÁIT FOSTAÍOCHTA:	**Lucsamburg**

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (an tIonad Aistriúcháin) sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Teicneolaíochta Faisnéise – Rannóg na Deisce Freastail – tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a bhunú óna n-earcófar ball foirne ar conradh mar Chúntóir na Deisce Freastail.

Is é an misean a áirithiú, i gcomhar le baill den roinn TF, feidhmeanna tacaíochta TF agus iarratais ar sheirbhís a chur i gcrích ar mhaithe le húsáideoirí inmheánacha agus seachtracha (cliaint/soláthróirí) an Ionaid Aistriúcháin.

Tá ardán ríomhaireachta cliant (stáisiúin oibre) an Ionaid Aistriúcháin bunaithe ar chóras oibriúcháin Microsoft Windows, Microsoft Office 2019 agus 365 (Outlook agus Teams), agus feidhmchláir ghnó a forbraíodh go hinmheánach.

CINEÁL NA gCÚRAIMÍ

a) Cabhair a chur ar fáil don bhainisteoir líne: ag cabhrú le Ceann Rannóg na Deisce Seirbhíse i mbainistíocht laethúil na seirbhíse; doiciméid riaracháin a chomhordú agus a thabhairt cothrom le dáta agus cur le timpeallacht oibre dhearfach agus le caidreamh muiníne, d'fhonn feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht fheidhmiú na seirbhíse.

b) Gníomhaíochtaí bainistíochta agus faireacháin:

- Tacaíocht d'úsáideoirí:

    - **Teagmhais úsáideoirí** a bhaineann le fearas agus bogearraí atá á n-úsáid san Ionad a mhonatóiriú (tacaíocht ar an gcéad leibhéal do gach réimse; tacaíocht ar an dara leibhéal do chóras oibriúcháin na gcliant agus do bhogearraí caighdeánacha na gcóras oifige), d'fhonn cabhrú le tacaíocht ardchaighdeáin don úsáideoir a áirithiú; mionfhadhbanna aonuaire a aithint ó fhadhbanna móra lena gceanglaítear faisnéis a thabhairt do pháirtithe leasmhara eile (foireann na Deisce Freastail nó na rannóg eile) d'fhonn rannchuidiú le timpeallacht TF chomhsheasmhach agus ardfheidhmíochta.
    - **Iarratais ar sheirbhísí** Na hiarratais a cuireadh i logleabhar na Deisce Seirbhíse a chomhlíonadh: fearas na gcliant a chur i bhfeidhm agus a athshuí (stáisiúin oibre agus forimeallaigh), réitigh shuiteála agus chothabhála bhogearraí uathoibrithe a chur i bhfeidhm, cabhair theicniúil le linn físchomhdhálacha, nósanna imeachta roghnúcháin eagraithe ag an Rannóg Acmhainní Daonna agus ag an mBord Stiúrthóirí ar líne, fearas teilea-oibre a ullmhú, etc., d'fhonn rannchuidiú le bainistiú éifeachtúil thimpeallacht chliant TF an Ionaid.

- Teipeanna crua-earraí a rianú: monatóireacht a dhéanamh ar **theipeanna crua-earraí** ar fhearas na gcliant éagsúil d'fhonn crua-earraí atá ardfheidhmiúil a ráthú d'úsáideoirí.
- Doiciméadú agus oiliúint: **doiciméadú teicniúil** a fhorbairt, **lámhleabhair d'úsáideoirí** a dhréachtú agus **oiliúint** ar thimpeallacht TF an Ionaid Aistriúcháin a chur ar fáil, go príomha d'úsáideoirí nua.

c) Gníomhaíochtaí eile tacaíochta: seachadtaí trealaimh a fháil agus a fhíorú, nósanna imeachta atá ann cheana a chur i bhfeidhm agus páirt a ghlacadh ina bhforbairt, cumarsáid thrasnach a áirithiú idir na rannóga éagsúla mar chuid den tacaíocht, idirchaidreamh a dhéanamh le custaiméirí, le soláthraithe agus le comhpháirtithe seachtracha.

A. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh faoin 04.06.2022, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

(1) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- Cáilíochtaí:

    i) iar-mheánoideachas arna fhianú ag dioplóma, nó

    ii) meánoideachas arna fhianú ag dioplóma lena dtugtar rochtain ar iar-mheánoideachas agus taithí ghairmiúil chuí trí bliana ar a laghad

- Scileanna teanga: eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha an Aontais (leibhéal C1 ar a laghad) agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile an Aontais, sa mhéid is gá chun na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh (leibhéal B2 ar a laghad)[1].

(2) <u>SCILEANNA TEICNIÚLA RIACHTANACHA</u>

- Na staidéir ábhartha i réimse na ríomhaireachta a bheith curtha i gcrích acu, arna bhfianú ag dioplóma;
- Taithí chruthaithe 2 bliana ar a laghad ar thacaíocht ríomhaire d'úsáideoirí;
- Eolas an-mhaith ar réitigh agus ar uirlisí Microsoft (Windows, Office 2019 agus 365);
- Eolas maith ar an trealamh ríomhaireachta cliant éagsúla (Ríomhairí Pearsanta, Ríomhairí Glúine, fóin phrótacail Idirlín, printéirí pearsanta agus ilfheidhmeacha, etc.);
- Eolas maith ar uirlis um bainistiú teagmhas agus um bainistiú iarratas seirbhíse;
- Eolas maith ar uirlisí agus teicneolaíochtaí físchomhdhála;
- Eolas maith ar uirlisí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le teilea-obair;
- Taithí dhomhain ar dhoiciméid theicniúla agus ar dhoiciméid atá dírithe ar úsáideoirí a chur in eagar;
- Eolas ar an mBéarla ar leibhéal B2 ar a laghad;

(3) <u>SCILEANNA TEICNIÚLA INMHIANAITHE</u>

- Eolas maith ar uirlisí CAT (Aistriúchán Ríomhchuidithe) - SDL Studio, nó comhchosúil;
- Eolas maith ar Sharepoint;
- Taithí ar uirlis um bainistiú stáisiún oibre a úsáid (Microsoft System Center Configuration Manager, nó comhchosúil);
- Deimhniú Bunúsach ITIL V3;
- Eolas ar an bhFraincis

(4) <u>SCILEANNA NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA</u>

- <u>Scileanna idirphearsanta:</u> an cumas chun oibriú i bhfoireann, braistint teagmhála, an cumas chun oibriú i dtimpeallacht ilteangach;
- <u>Braistint freagrachta:</u> discréid, rúndacht, cruinneas, infhaighteacht, éifeachtúlacht agus poncúlacht;
- <u>Scileanna eagrúcháin:</u> an cumas chun tascanna éagsúla a bhainistiú agus tosaíochtaí a leagan amach, cur chuige modheolaíoch, tionscnamh a ghlacadh, agus a bheith ilchumasach;
- <u>Inoiriúnacht:</u> an cumas chun cabhrú le daoine eile agus oibriú faoi bhrú, an cumas foghlaim agus oiriúnú d'fhorbairtí nua sa timpeallacht TF.

Déanfar na scileanna sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh (féach pointí B (2) (i) agus (ii) thíos).

[1] Leibhéil arna sainiú de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR).

B. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

(1) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN

Beidh an chéim réamhroghnúcháin ina dá chuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na "critéir incháilitheachta" thuasluaite (pointe 1(a), rud atá beartaithe chun a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais, nó nach gcomhlíonann. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na critéir ná na riachtanais sin.

- Sa dara céim, cuirfear san áireamh an taithí ghairmiúil agus na scileanna teicniúla riachtanacha [pointe A (2)]. Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh chuig an gcéim roghnúcháin don 15 iarrthóir a ghnóthaigh pas sa chéim réamhroghnúcháin agus a fuair na marcanna is airde.

(2) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN

Beidh an chéim roghnúcháin ina dá chuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla) ina mbeidh na nithe seo a leanas:
- Triail ceisteanna ilroghnacha chun measúnú a dhéanamh ar scileanna na n-iarratasóirí sna réimsí atá luaite i bpointí A(2) agus A(3).
  An t-am a cheadaítear: 30 nóiméad
- Cás-staidéar chun measúnú a dhéanamh ar scileanna scríbhneoireachta, scileanna anailíseacha agus eolas na n-iarrthóirí ar na réimsí a luaitear i bpointí A(2) agus A(3)
  Fad: 1 uair 30 nóiméad

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc: Bronnfar 8 bpointe as an triail ceisteanna ilroghnacha agus bronnfar 12 phointe as an gcás-staidéar. Is é 12 phointe an pasmharc sa triail scríofa.

Tabhair do d'aire nach mór d'iarrthóirí arb é an Béarla a bpríomhtheanga an scrúdú scríofa a ghnóthú sa dara teanga acu.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an iarratasóra chun na cúraimí atá sonraithe thuas a chur i gcrích. Ina theannta sin, déanfar measúnú san agallamh ar shaineolas agus scileanna na n-iarratasóirí sna réimsí a luaitear i bpointí A(2), A(3) agus A(4).
Tabhair do d'aire nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach do na hiarrthóirí a ghnóthaigh an pasmharc sa triail scríofa.
Is i mBéarla a bheidh formhór an agallaimh. Féadfar an t-eolas ar na teangacha eile atá luaite ag na hiarrthóirí a thástáil freisin.
Mairfidh an t-agallamh tuairim is 40 nóiméad agus marcálfar é as 20 (íosmharc a theastaíonn: 12).

Déanfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg nó go cianda.

A luaithe is atá an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnúcháin liosta ionadaithe a chuimseoidh na hiarratasóirí rathúla in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí rathúla na hiarratasóirí sin a ghnóthóidh an pasmharc comhiomlán íosta atá ag teastáil sa triail scríofa mar aon le pasmharc íosta atá ag teastáil san agallamh (féach pointí (i) agus (ii)). Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann cur san áireamh ar liosta ionadaithe agus ráthaíocht earcaíochta.

Ní mór d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh an triail scríofa agus an t-agallamh a dhéanamh na doiciméid tacaíochta ábhartha a chur ar fáil, lá an agallaimh, maidir leis an bhfaisnéis a thugtar san fhoirm iarratais, i.e. cóipeanna de dhioplómaí, de theastais agus de dhoiciméid eile a chruthaíonn a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre, agus na dátaí tosaigh agus críochnaithe, an post a bhí acu, na dualgais a bhaineann leo, etc., á léiriú go soiléir acu. Má bhíonn na trialacha ar siúl go cianda, féadfaidh na hiarrthóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a sheoladh trí ríomhphost chuig E-Selection@cdt.europa.eu. Sula dtiomsóidh an coiste roghnúcháin an painéal, scrúdóidh sé doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a ghnóthaigh pas san agallamh agus sna trialacha scríofa.

Mar sin féin, sula bhféadfar aon chonradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta a chur ar fáil. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31.12.2022 agus féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin de rogha údarás an Ionaid Aistriúcháin atá údaraithe conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

C. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint don iarratasóir rathúil de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéantar, d'fhéadfadh ceanglas a bheith ar an iarratasóir a roghnófar iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Is i bhFheidhmghrúpa III a dhéanfar an t-iarratasóir rathúil a earcú. Is é EUR 2 830.56 an buntuarastal míosúil do ghrád 8 (an chéad chéim). Mar aon leis an mbuntuarastal, d'fhéadfadh go mbeadh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, mar shampla an liúntas teaghlaigh, an liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal), etc.

Lena chois sin, le bheith incháilithe, agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir:

- aon oibleagáidí seirbhíse míleata forchurtha ag an dlí a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na gcúraimí atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[2];
- dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag oifigigh leighis an Ionaid Aistriúcháin chun ceanglais Airteagal 82(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

[2] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil a dhearbhaíonn nach bhfuil taifead coiriúil acu.

D. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Ní mór d'iarrthóirí ar spéis leo an t-iarratas a líonadh isteach ar líne in Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) roimh an sprioc-am.

Ní mór do na hiarrthóirí a bpríomhtheanga agus an dara teanga a lua ina n-iarratas. Cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le teanga na trialach scríofa.

Molaimid go láidir duit gan fanacht go dtí na laethanta deiridh le hiarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le d'iarratas a chur isteach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann iarratas a dhéanamh faoin spriocdháta.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin, a ghlacann le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aois, cine, tuairim dhaingean pholaitiúil, fhealsúnachta nó chreidimh, inscne nó claonadh gnéasach agus beag beann ar mhíchumas, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a bheith measta mar dhochrach dá neamhspleáchas.

E. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

Féadfaidh iarratasóirí a mheasann go bhfuil cúis ghearáin acu a bhaineann le cinneadh ar leith, ag tráth ar bith den nós imeachta roghnúcháin, tuilleadh sonraí maidir leis an gcinneadh seo a iarraidh ó Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin, tús a chur le nós imeachta achomhairc nó gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach (féach Iarscríbhinn I).

IARRATAIS Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach, mar a thuairiscítear thíos. De bhua an chirt sin, d'fhéadfadh iarratasóirí a iarrann an rochtain sin a bheith soláthraithe le faisnéis bhreise a bhaineann lena bpáirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin. Seolfar an freagra laistigh de mhí ó fuarthas an iarraidh. Déileálfar le hiarratais agus aird ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Cinntíonn an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar atá éilithe le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar chosaint dhaoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39). Baineann sé seo go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí am ar bith (edps@edps.europa.eu).

Féach an fógra príobháideachta sonrach.

IARSCRÍBHINN 1 *IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH*

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire go gcumhdaítear na himeachtaí uile leis an gceanglas rúndachta atá leagtha síos sna Rialacháin Foirne. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAIS AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a chur chuig an seoladh thíos:

  Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin CDT-ACIII-2022/01

  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich
  Oifig 3077
  12E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

  laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir ina gcuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Gearán a chur chuig an seoladh seo a leanas de réir Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh:

  An tÚdarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích (tagairt: CDT-ACIII-2022/01)

  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich
  Oifig 3077
  12E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

  Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15 5) – https://eur-lex.europa.eu/oj/direct-access.html?locale=fr tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

  Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích cinntí Coiste Roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Amhail i gcás saoránach go léir an Aontais Eorpaigh, féadfaidh iarrthóirí gearán a dhéanamh chuig:

  An tOmbudsman Eorpach
  1 avenue du Président-Robert-Schuman – BP 30403
  F-67001 Strasbourg Cedex

  faoi Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear

…/…

comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CECA, CE, Euratom (IO L 253, 16.7.2021, lgh. 1-10).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar chuig an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Meabhraítear freisin, faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CECA, CE, Euratom, nach mór na cineálacha cur chuige iomchuí riaracháin a bheith déanta leis na comhlachtaí lena mbaineann sula gcuirfear aon ghearán faoi bhráid an Ombudsman.